



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Beartas agus Critéir maidir le Dámhachtainí Gairmiúla a Aithint laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí



Beartas agus Critéir maidir le Dámhachtainí Gairmiúla a Aithint laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Roinn	Teideal	Lch
1	Achoimre	3
2	Réamhrá	3
2.1	Comhthéacs Beartais	4
2.2	Comhlachtaí a fhéadfaidh larratas a Dhéanamh ar Ailíniú Dámhachtainí Gairmiúla	4
2.3	Bonn Dlíthiúil	5
2.4	Cuspóir an Bheartais	6
2.5	Tús Feidhme an Bheartais Seo	6
3	Beartas agus Critéir	6
3.1	Cur chuige	6
3.2	Iarratasóir ar Ailíniú	7
3.3	Bailíochtú Cláir mar Mhalairt ar Ailíniú Dámhachtainí Gairmiúla chun Aitheantas a Fháil laistigh den CNC	8
3.4	Fad Tréimhse Ailíniú Dámhachtainí Gairmiúla	9
3.5	Ailíniú Cúlghabhálach	9
3.6	Ailíniú agus Athrú ar Dhámhachtain Ghairmiúil	9
3.7	Príomhchéimeanna sa Phróiseas um Ailíniú Dámhachtainí Gairmiúla	11
3.8	Critéir le haghaidh Ailíniú Dámhachtainí Gairmiúla	13
3.9	Iarratas ar Ailíniú a Aistarraingt	15
3.10	Obair leantach an QQI tar éis an Ailínithe	15
3.11	Athnuachan ar Ailíniú agus Athailíniú	15
3.12	Athruithe ar Dhámhachtainí Gairmiúla Tar Éis Ailíniú	16

3.13	Athbhreithniú agus Aistarraingt Ailínithe ag an QQI	16
3.14	Athbhreithniú ar a Éifeachtaí atá na Nósanna Imeachta um Dhearbhú Cáilíochta	16
3.15	Diúltú Ailínithe	16
3.16	Coinníollacha Ailínithe	17
3.17	Bunachar sonraí de Dhámhachtainí Gairmiúla Ailínithe agus Cláir Ghaolmhara	18
3.18	Gearáin agus Achomhairc in aghaidh Diúltú nó Aistarraingt Ailínithe ag an QQI	18
4	Athbhreithniú ar an mBeartas Seo	19
5	Tagairtí	19

1 ACHOIMRE

Bunaíodh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) i Samhain 2012 leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 (Acht 2012).

Leagtar amach sa doiciméad seo an beartas agus na critéir maidir le haitheantas do dhámhachtainí gairmiúla laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC nó an Creat).

Ceaptar beartas an QQI i bpróiseas comhairliúcháin a mbíonn gach geallsealbhóir bainteach leis. Gheofar sonraí an phróisis ceaptha beartais ar www.QQI.ie. Glacann an Bord beartas an QQI agus cuireann an feidhmeannas chun feidhme é dá réir.

2 RÉAMHRÁ

Leagtar amach sa pháipéar seo an beartas agus na critéir maidir le dámhachtainí gairmiúla a aithint laistigh den CNC.

Ailíniú a thugtar ar an bpróiseas trína n-aithnítear dámhachtainí gairmiúla laistigh den Chreat agus is é an téarma sin a úsáidfeá ó cheann ceann an pháipéir. Slí mhalartach chun dámhachtain gairmiúil chúí a aithint laistigh den Chreat is ea clár oideachais agus oiliúna a bhailíochtú chun gur féidir dámhachtain Creat a dhéanamh.

Chun dámhachtainí gairmiúla a ailíniú agus chuige sin amháin a ceapadh an beartas agus na critéir seo. Áirítear sa pháipéar seo:

- Gearrchuntas ar an bpróiseas um ailíniú
- Gearrchuntas ar na critéir le haghaidh ailíniú
- Na coinníollacha ginearálta le haghaidh ailíniú

Tacófar leis an mbeartas le treoir níos mionsonraithe a fhoilseoidh an QQI.

Díreofar ar bheartas agus ar chritéir níos ginearálta le haghaidh aitheantais laistigh den Chreat i bhfoirm fhorbairt bhreise.

Ní bhaineann ailíniú go díreach le treoir 2005/36/CE maidir le haitheantas do cháilíochtaí gairmiúla – ní hionann an dá chuspóir. Trí dhámhachtainí gairmiúla a ailíniú leis an CNC éascaítear aitheantas na gaolmhaireachta idir dámhachtain gairmiúil agus cáilíochtaí eile (de chomhlachtaí Éireannacha nó neamh-Éireannacha) a aithnítear laistigh den Chreat. Go sonrath, cinntear sa phróiseas um ailíniú cibé an féidir dámhachtain gairmiúil atá déanta ag comhlacht gairmiúil incháilithe a aithint mar dhámhachtain ar leibhéal ar leith den CNC¹ i gcás ina bhfuil Tuairisceoir Cineáil Dámhachtana² cinnte chun na críche sin.

Níl ailíniú ar fáil i láthair na huair ar leibhéal 10 den Chreat. Ar an leibhéal seo níl aitheantas ar fáil laistigh den Chreat ach amháin trí phróiseas bailíochtaithe cláir (arna fheidhmiú ag an QQI [féach Roinn 2.2] nó trí sholáthraí féinbhailíochtaithe ardoideachais agus oiliúna a n-aithnítear a dhámhachtainí laistigh den Chreat) ag úsáid cineál dámhachtana dochtúireachta an Chreata.

¹Cuimsíonn sé sin ailíniú na ndámhachtainí gairmiúla – féach roinn 2.1.

²Cuid den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí is ea tuairisceoirí cineáil dámhachtainí.

Iarrtar ort féachaint ar shuíomh Gréasáin an QQI (www.QQI.ie) chun eolas a fháil ar chineálacha eile 'aitheantais laistigh den Chreat', nach ndíríonn an beartas seo orthu.

2.1 Comhthéacs Beartais

Tá an cur chuige ginearálta leagtha amach sa dá dhoiciméad seo a leanas: *'Policies and Criteria for the Inclusion in, or Alignment with, the National Framework of Qualifications of the Awards of Certain Awarding Bodies'* (NQAI, 2008) and *'Policies and Criteria for the Alignment with the National Framework of Qualifications (NFQ) of the Awards of certain International Sectoral Certifying Bodies which issue certification and in some cases provide programmes in Ireland (NQAI)'* agus is dá réir a aithníonn an QQI cailíochtaí laistigh den Chreat, ar feitheamh ar bheartas cuimsitheach aitheantais a bheith ceaptha – ach amháin sna heisceachtaí seo a leanas. Eisceacht amháin ná go gcaithfear dámhachtain ghairmiúil a ailíniú le cineál dámhachtana gairmiúil ach amháin má chinneann an QQI a mhalairt. Eisceacht eile is ea go gcaithfear mionathruithe beartais (i réimsí seachas ailíniú dámhachtainí gairmiúla) a dhéanamh ó am go chéile chun díriú ar athruithe ar riachtanais ar feitheamh ar bheartas cuimsitheach aitheantais a bheith ceaptha.

Aithnítear sna beartais ceithre ghrúpa dhifriúla comhlachtaí a dhéanann dámhachtainí:

- Grúpa A: Comhlachtaí áirithe Éireannacha a dhéanann dámhachtainí ar bhonn reachtúil
- Grúpa B: Comhlachtaí áirithe Éireannacha a rialaíonn gairmeacha
- Grúpa C: Comhlachtaí áirithe ó lasmuigh den Stát a dhéanann dámhachtainí in Éirinn
- Grúpa D: Comhlachtaí deimhnithe earnála idirnáisiúnta áirithe a eisiónn teastasú in Éirinn

Ní grúpaí comheisiatacha iad seo.

2.2 Comhlachtaí a fhéadfaidh Iarratas a Dhéanamh ar Ailíniú Dámhachtainí Gairmiúla

Faoi réir Roinn 1.1.1, féadfaidh comhlachtaí dámhachtana a dhéanann dámhachtainí gairmiúla in Éirinn maidir leis na feidhmeanna seo a leanas, iarratas a dhéanamh ar na dámhachtainí sin a ailíniú laistigh (.i. aitheanta laistigh den Chreat):

- Comhlachtaí a dhéanann dámhachtainí ar bhonn reachtúil Éireannach (seachas na 'comhlachtaí ainmnithe dámhachtana' faoi Acht 2012 agus duine ar bith³ ar tharmlig an QQI údarás dó chun dámhachtainí a dhéanamh)
- Comhlachtaí um aitheantas gairmiúil⁴ lena n-áirítear comhlachtaí a bhfuil feidhm acu i dtaca le rialú gairmeacha faoi Threoracha an Aontais Eorpaigh um Aitheantas Frithpháirteach do Chailíochtaí Gairmiúla

³ Pearsantacht dhlíthiúil.

⁴ ciallaíonn "comhlacht um aitheantas gairmiúil" comhlacht (lena n-áirítear cumann gairmiúil, institiúid ghairmiúil nó aon eagraíocht ghairmiúil eile) atá faoi cheanglas ag dlí an Stáit nó atá údaraithe faoi dlí an Stáit chun maoirseacht nó rialú a dhéanamh ar iompar daoine atá ag gabháil do ghairm (An tAcht um Chailíochtaí agus Dearbhú Cailíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012.

- Comhlachtaí a dhéanann dámhachtainí earnála idirnáisiúnta, a shainítear mar dhámhachtainí a forbraíodh chun riachtanais deimhniúcháin tionscal-sainithe a chomhlíonadh, go hidirnáisiúnta. I gcoitinne, d'fhéadfadh sé nach mbainfeadh na dámhachtainí seo le córas náisiúnta dámhachtana aon tír ar leith ach glactar leo go forleathan i measc fostóirí agus foghlaimeoirí i mórchuid tíortha.

Baineann sé seo le Grúpa B mar a shainítear thuas (ach níl sé sainithe aige) agus d'fhéadfadh forluí a bheith ann le Grúpaí A agus D. Ní áirítear air comhlachtaí gairmiúla nach bhfuil aon cheann de na feidhmeanna seo acu.

Féachann an QQI ar dhámhachtainí tionscail (a dtugtar dámhachtainí Díoltóra orthu, uaireanta) mar ghrúpa ar leith agus díreofar ar aitheantas dóibh laistigh den Chreat i ndoiciméad beartais eile.

2.2.1 Critéir bhreise cáilíochta

Le cáiliú chun dámhachtain ghairmiúil a chur ar aghaidh le haghaidh ailíniú ní mór do chomhlacht ghairmiúil iarratasóra na critéir cháilíochta seo a leanas a shásamh (le cois na gcritéar thuas):

- a) An seasamh is gá chun dámhachtain ghairmiúil a dhéanamh a bheith aige
- b) An acmhainn a bheith acu cartlann shlán bhuan de dhámhachtainí gairmiúla (bunachar sonraí de na daoine a bhfuil dámhachtain faighte acu ó chomhlacht ghairmiúil) a choimeád)

Ní mór d'aon chomhlacht ghairmiúil a fhéachann le dámhachtain a ailíniú a bheith in ann a léiriú go n-oibríonn sé laistigh de phobal cobhsaí cleachtais a fhéadann tacú leis na caighdeáin is gá chun na critéir le haghaidh ailíniú a chomhlíonadh.

2.3 Bonn Dlíthiúil

Déantar tagairtí iomadúla in Acht 2012 don téarma 'aitheanta laistigh den Chreat' agus do théarmaí gaolmhara. *Mar shampla, luaitear in Alt 43(3) 'a mhéid is indéanta le réasún, cinnteoidh gach comhlacht atá údaraithe le dlí chun dámhachtainí a dhéanamh sa Stát go bhfuil gach dámhachtain a dhéanann sé aitheanta laistigh den Chreat.'* Modh aitheantais amháin is ea na cláir a bhailíochtú ach ní i gcónaí a bhíonn sé sin indéanta. Is gá uirlisí malartacha chun dámhachtainí a aithint laistigh den Chreat. Déileálann an beartas seo le hailíniú i.e. aitheantas laistigh den Chreat d'aicme áirithe⁵ dámhachtainí: is é sin, do dhámhachtainí gairmiúla.

Tá Alt 13 d'Acht 2012 ábhartha anseo agus ceanglaíonn sé ar chomhlachtaí aitheantais ghairmiúla comhoibriú leis an QQI agus dul i gcomhairle leis.

Baineann Alt 67 d'Acht 2012 le cláir oideachais agus oiliúna a mhaireann 3 mhí nó níos faide.

⁵ Tá cúig aicme cineáilcha dámhachtana sa Chreat: mórdámhachtain, miondámhachtain, dámhachtain sainchuspóir, dámhachtain fhorlíontach agus dámhachtain ghairmiúil.

2.4 Cuspóir an Bheartais

Cuireann an beartas agus na critéir meicníocht thrédhearcach ar fáil chun aitheantas a thabhairt sa Chreat do ghnóthachtálacha foghlama iad siúd a bhfuil dámhachtainí gairmiúla (cáilíochtaí) áirithe bainte amach acu.

Rogha eile d'aon chomhlacht gairmiúil ar mian leis dámhachtainí ainmnithe a aithnítear sa Chreat a bhunú (féach na sonraí in Alt 3.3) is ea bailíochtú cláir.

2.5 Tosú an Bheartais Seo

Baineann an beartas seo le gach cinneadh faoi ailíniú dámhachtainí gairmiúla (nó athailíniú nó athnuachan ar ailíniú) ag tosú ón dáta glactha, cibé ar tosaíodh an próiseas is buntaca leis sular tosaíodh an beartas agus na critéir seo nó nár tosaíodh.

Ní mór gach dámhachtain ghairmiúil a ailíniú faoi bheartais roimhe seo a chur ar aghaidh le haghaidh ailíniú faoin mbeartas nua (de novo) a luaithe is féidir (ach tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis thús an bheartais agus na gcritéir seo). Ní athnuafar ailíniú dámhachtainí gairmiúla in aon chás eile.

Eiseoidh an QQI gairmeacha ar iarratais ar ailíniú ó am go chéile. Ní ceadmhach iarratais a dhéanamh ach amháin mar fhreagairt ar cheann de na gairmeacha seo ar iarratais.

3 BEARTAS AGUS CRITÉIR

3.1 Cur chuige

Go ginearálta (ach féach Roinn 3.6 thíos) féachann ailíniú ar na nithe seo a leanas i gcás dámhachtain ghairmiúil:

- Cibé an bhfuil a cháilíocht dearbhaithe go leordhóthanach (mar aon le cláir ghaolmhara) ag an gcomhlacht gairmiúil (tá an cur chuige i leith dearbhú cháilíocht an tsoláthair ar aon dul leis an gcur chuige a mholtar in *Standards and Guidelines for Quality Assurance in the EHEA* nó aon chaighdeán oiriúnach cáilíochta atá meaitseáilte le riachtanais ghairmiúla dámhachtana agus riachtanais oideachais agus oiliúna)
- Cibé an bhfuil sé ar an leibhéal den Chreat ag a bhfuil ailíniú á lorg
- Cibé an ndeimhníonn sé (más cuí) méid na foghlama a dheimhnítear, mar dhea

Áirítear sa phróiseas um ailíniú féinmheasúnú ón gcomhlacht gairmiúil agus measúnú seachtrach ó ghrúpa atá neamhspleách ar an gcomhlacht gairmiúil. Mar chuid den fhéinmheasúnú ní mór don chomhlacht gairmiúil an leibhéal den CNC ag a measann sé gur cheart a dhámhachtain ghairmiúil a ailíniú a aithint.

Chun leibhéal an CNC sa phróiseas um ailíniú a chinneadh is gá an *t-eolas, an scil agus*

an inniúlacht ionchasach is lú a dheimhníonn an dámhachtain ghairmiúil a fháil amach agus é a chur i gcomparáid leis an leibhéal foghlama a shonraíonn an Tuairisceoir Cineáil Dámhachtana Gairmiúla CNC ar an leibhéal den CNC ag a bhfuil ailíniú á lorg.

Cinneadh déach a bheidh i gcinneadh an QQI cibé ar chóir an dámhachtain a ailíniú ar an leibhéal seo nó nár chóir. Lena chois sin, áirítear ar an ailíniú (más cuí) aitheantas do mhéid na creidiúna ECTS a bheidh i gceist sa dámhachtain ghairmiúil. Tá aitheantas do chreidiúintí ceaptha chun bheith ina bhreis chabhrach d'aithint leibhéal na dámhachtana gairmiúla laistigh den Chreat. D'fhéadfadh éagsúlachtaí creidiúna a bheith i gceist i gcás dámhachtainí gairmiúla difriúla ar an leibhéal céanna den Chreat. An chúis leis sin ná gur minic dámhachtainí gairmiúla a bheith ina dámhachtainí liag mhullaigh a chloíonn le sraith cailíochtaí oideachais roimh ré, a bhfuil ualú creidiúna ag cuid acu cheana féin. Cuirtear an t-íosluach creidiúna sa tuairisceoir ar fáil chun díspreagadh a thabhairt d'aithint dámhachtainí nach bhfuil mórán foghlama i gceist leo nach bhfuil aitheantas aici cheana féin trí cháilíochtaí foirmiúla (.i. ar beag an fhoghlaím nuadheimhnithe atá i gceist leo) ach is féidir fiú an critéar íoschreidiúna seo a chur ar ceal i gcásanna eisceachtúla.

Ní mór don *mheasúnú seachtrach* scrúdú a dhéanamh i gcónaí ar na nósanna imeachta um measúnú suimitheach is buntaca leis an dámhachtain ghairmiúil (lena n-áirítear breithniú ar shamplaí de thascanna measúnuithe, scéimeanna marcála agus aighneachtaí foghlaimora) agus d'fhéadfadh sé, nuair is cuí, aon *chláir ghaolmhara oideachais agus oiliúna* a mheas. Ciallaíonn "*clár oideachais agus oiliúna*" (nó clár), sa chomhthéacs seo, aon phróiseas trína sealbhaíonn duine eolas, scil nó inniúlacht agus áirítear air clár de chleachtas gairmiúil promhaidh.

Ní thiomhdíonn an beartas seo go bhfuil baint dhíreach ag comhlacht gairmiúil le teagasc (ná múineadh) na bhfoghlaimoírí a lorgaíonn a dhámhachtainí gairmiúla. D'fhéadfadh an comhlacht gairmiúil atá ag déanamh na dámhachtana gairmiúla agus/nó soláthraithe oideachais agus oiliúna ar leithligh cláir ghaolmhara oideachais agus oiliúna a chur ar fáil go díreach. Dá réir sin, ní mór idirdhealú soiléir a bheith ann idir cláir a dhéanamh agus dámhachtainí gairmiúla a dhéanamh ionas gur soiléir na freagrachtaí agus go mbíonn dearbhú cailíochta ag an dá phróiseas.

3.2 Iarratasóir ar Ailíniú

Meastar gur próiseas ex post a bheidh sa phróiseas tipiciúil ailínithe faoin mbeartas seo, rud a chiallaíonn nach mór an dámhachtain ábhartha a bheith déanta. Féadann an QQI dámhachtainí nuafhorbartha nach ndearnadh go fóill a fhorhnuiniú mar dhámhachtainí iarratasóra le haghaidh ailíniú (nó go díreach mar *iarratasóirí ar ailíniú*) ar leibhéal sonraithe den CNC. Leanann cineál aitheantais laistigh den Chreat an próiseas ex ante seo, leis. Beidh na próisis agus na critéir le haghaidh ailíniú iarratasóra agus a aistarraingt mar an gcéanna leis an bpróiseas um ailíniú ex post: *athrófar an méid is gá a athrú*.

Ní bheidh feidhm le stádas iarratasóra ach amháin nuair a ghníomhaítear an próiseas as a leanann an dámhachtain ghairmiúil (m.sh. tús curtha le clár gaolmhar as a leanann an dámhachtain) agus i gcás go ngníomhachtaítear é laistigh de 12 mhí de chinneadh an QQI é a fhorhnuiniú (ní bheidh feidhm leis in aon chás eile).

Is féidir stádas iarratasóra a thiontú go stádas ailínithe tar éis an chéad bhaisc dámhachtainí a dhéanamh. Níl sa phróiseas tiontaithe ach go díreach an próiseas caighdeánach ailínithe (*ex post*) ach tugtar aird chuí ar thorthaí an phróisis *ex-ante*.

3.3 Bailíochtú Cláir mar Mhalairt ar Ailíniú Dámhachtana Gairmiúla chun Aitheantas a Fháil laistigh den CNC

Féadfaidh comhlacht gairmiúil rogha a dhéanamh rochtain ar sheirbhís bhailíochtaíthe cláir an QQI a lorg agus ceann amháin nó níos mó dá chláir ar chur ar aghaidh lena bhailíochtú ag an QQI. De rogha air sin, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh chuig soláthraí a bhfuil an t-údarás féinbhailíochtaíthe riachtanach aige agus a n-aithnítear a dhámhachtainí laistigh den Chreat.

Is mó atá i bpáirt ag ailíniú agus bailíochtú cláir an QQI ach tá difríochtaí suntasacha eatarthu:

- a) Déanann bailíochtú cláir (de chuid an QQI) *cláir shonracha* a fhorghníniú go sainráite, cláir as a leanann dámhachtainí (de chuid an QQI) – ní gnách d'ailíniú na cláir ghaolmhara a fhorghníniú go díreach ach ina áit sin, formhuíonn siad nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta an chomhlachta ghairmiúil i gcás cláir ghaolmhara.
- b) Bailíochtaítear cláir faoi réir coinníollacha caighdeánacha agus coinníollacha a bhaineann le cásanna ar leith maidir le soláthraí, clár agus na dámhachtainí comhfhreagracha. Áirítear ar na coinníollacha caighdeánacha coinníollacha a bhaineann le nósanna imeachta um rochtain, aistriú agus forchéimniú agus socruithe le haghaidh measúnú (agus i gcásanna áirithe) cosaint d'fhoghlaimoírí. Ní hionann na coinníollacha le haghaidh ailíniú. D'fhéadfadh na socruithe le haghaidh scrúduithe seachtracha⁶ a bheith difriúil, leis.
- c) Déanann an QQI monatóireacht dhíreach ar sholáthraithe clár oideachais agus oiliúna a bhailíochtaíonn sé. I gcás dámhachtainí gairmiúla ailínithe, déanfaidh an QQI monatóireacht ar ghníomhaíochtaí ábhartha an chomhlachta ghairmiúil i dtrácht. Meastar gurb é an comhlacht gairmiúil a dhéanfaidh an mhonatóireacht ar sholáthraithe clár a ghabhann le dámhachtainí ailínithe.
- d) Agus clár á bhailíochtú aige, aontaíonn an QQI go mbronnfaidh sé an dámhachtain ábhartha ardoideachais agus oiliúna ar fhoghlaimoírí a chríochnaíonn an clár go rathúil. I gcás dámhachtainí idirnáisiúnta dea-bhunaithe d'fhéadfaí dámhachtainí an QQI a eisiúint i bhfoirm dhéach le dámhachtain an chomhlachta ghairmiúil. Comhdámhachtainí is ea dámhachtainí den sórt sin a eisítear ag an am céanna agus bheidís faoi réir bheartas an QQI ar chomhdámhachtainí, agus ní mór dóibh géilleadh dó.

⁶ Meicníocht um dhearbhu cáilíochta is ea scrúdú seachtrach a úsáideann soláthraithe [ardoideachais] a thacaíonn le muinín an phobail i gcáilíochtaí acadúla (Treoirline HETAC um Chleachtas Éifeachtach le haghaidh Scrúduithe Seachtracha, 2010).

- e) Ní bhíonn bailíochtú cláir an QQI le fáil ach amháin faoi choinníollacha áirithe (féach *Policy and Criteria for Provider Access to Initial Validation of Programmes Leading to QQI Awards 2013*) de chuid an QQI — ní mór do chomhlacht gairmiúil a fhéachann le bailíochtú a bhaint amach dá chlár na coinníollacha seo a shásamh ar an gcéad dul síos agus dul isteach i gcomhaontuithe foirmiúla comhoibritheacha le haon chomhlachtaí eile (m.sh. soláthraithe clár oideachais agus oiliúna⁷) atá bainteach le soláthar na gclár as a leanann an dámhachtain.
- f) Déanann comhlacht gairmiúil áirithe cláir bhailíochtaithe a chreidiúnú agus tairgtear na dámhachtainí comhfhreagracha ó (nó trí) sholáthraithe ardoideachais agus oiliúna. De ghnáth ní bhíonn ailíniú indéanta nó fiú riachtanach ach i gcás nach léirítear na torthaí foghlama cheana féin i ndámhachtain de chuid an Chreata atá gaolta le clár bailíochtaithe, is é sin, ní dhéantar foghlaim a dheimhniú faoi dhó ach amháin i gcomhthéacs comhdhámhachtana. Ach d'fhéadfaí an beartas sin a chur i leataobh i gcásanna eisceachtúla – ba cheart comhairle a lorg ar an QQI go luath más rud é go mbeidh tarscaoileadh á lorg.

3.4 Fad Tréimhse Ailíniú Dámhachtainí Gairmiúla

éantar dámhachtainí gairmiúla a ailíniú i gcás dámhachtainí a rinneadh laistigh de thréimhse ar leith tar éis ailíniú, tréimhse a mhaireann (agus nach sáraíonn) seacht mbliana de ghnáth. Féach Roinn 3.11 ar athnuachan ailínithe.

3.5 Ailíniú Culghabhálach

D'fhéadfaí ailíniú cúlghabhálach a lorg (ag comhlacht gairmiúil) maidir le dámhachtain ghairmiúil a rinneadh laistigh d'eatramh ar leith san am atá caite más leor an fhianaise atá ar fáil le haghaidh measúnú iontaoifa i gcomparáid le critéir ailínithe na ndámhachtainí a rinneadh san eatramh sin. Clúdaíonn sé seo, leis, dámhachtainí nach bhfuil á ndéanamh níos mó.

3.6 Ailíniú agus Athrú ar Dhámhachtain Ghairmiúil

Ní aonán statach é dámhachtain ghairmiúil ailínithe (féach Roinn 2.12). Táthar ag súil, bunaithe ar athbhreithniú tréimhsiúil nó athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil nó rialacháin, go mbeidh athruithe leanúnacha á ndéanamh; mar shampla: ar chaighdeán agus ar chritéir chomhfhreagracha, ar aon chlár ghaolmhara agus ar nósanna imeachta maidir le measúnú iarrthóirí ar an dámhachtain ghairmiúil. Ba cheart athruithe a bhreithniú agus a chur chun feidhme i gcomhthéacs na gcaighdeán riachtanach a choimeád agus a éifeachtaí atá aon chlár ghaolmhara ó thaobh foghlaimoírí a chumasú chun torthaí foghlama an chlár cheaptha a bhaint amach.

Mar sin féin, ní dócha gur minic a bheidh gá le hathrú ar gach gné de dhámhachtain ghairmiúil nó de chlár ghaolmhara. Mar shampla, de réir nádúir, beidh na caighdeán

⁷ Is féidir é seo a léirmhíniú mar oideachas, oiliúint nó oideachas agus oiliúint.

fhoriomlána le haghaidh dámhachtain ghairmiúil chobhsaí, a bheag nó a mhór. Go deimhin is é ról lárnach an chomhlachta ghairmiúil é sin a chinntiú agus braitheann a sheasamh féin ar é a bheith amhlaidh.

Ceanglaítear meicníochtaí a bheith i bhfeidhm ag an gcomhlacht gairmiúil le cinntiú go gcuirtear aon fheabhsúchán nó oiriúnú riachtanach ar aon chlár ghaolmhara chun feidhme ó bhliain go bliain (féach Roinn 3.14, leis). Bunófar é sin ar mhonatóireacht leanúnach inmheánach, ar anailís agus ar athbhreithnithe rialta ar na clár ghaolmhara (lena n-áirítear ionchuir ó scrúdaitheoirí seachtracha agus ó bhoird scrúdaitheoirí nó a gcoibhéis). Ba cheart nósanna imeachta cuí um dhearbú cáilíochta lena aghaidh seo a bheith ag comhlachtaí gairmiúla a dhéanann dámhachtainí ailínithe agus iad a bheith ceadaithe ag an QQI. Ba chóir soláthar a dhéanamh i nósanna imeachta dá shórt le haghaidh dearbhú cháilíocht na soláthraithe gaolmhara, más cuí.

Tá teorannuithe leis an méid is féidir a athrú sula gcaithfear dámhachtain ghairmiúil a athailíniú nó sula gcaithfear ailíniú a athnuachan. Déanfar ailíniú a aistarraingt go huathoibríoch má dhéantar athrú forleathan ar chaighdeán dámhachtana gairmiúla (m.sh. athruithe a dhéanann difríocht shubstaintiúil, i dtuairim an QQI, ar an gcaighdeán). Cé go bhféadfadh an rud is ‘athrú forleathan’ ann a bheith follasach, is minic is gá breithiúnas saineolaí chun é a léirmhíniú:

- D’fhéadfaí féachaint ar rud ar bith a bhí riachtanach chun tacú leis an gcinneadh bunaidh ailínithe agus a mbaintear an bonn de mar ‘athrú forleathan’
- Féachfar ar dhíchur aon shainionchais maidir le híosmhéid an eolais, na scile agus na hinniúlachta a bheidh riachtanach chun cáiliú don dámhachtain mar ‘athrú forleathan’, leis
- D’fhéadfaí féachaint ar athrú sna riachtanais foghlama réamhriachtanacha le haghaidh clár gaolmhar gan athrú comhfhreagrach ar an gclár mar athrú forleathan mura ndéantar athruithe cúiteacha eile
- D’fhéadfadh athrú suntasach ar na nósanna imeachta measúnaithe a bheith ina athrú forleathan, leis, má chuirtear a n-iontaofacht nó a mbailíocht i gcontúirt
- D’fhéadfadh athbhreithniú ar ailíniú a bheith riachtanach i gcás athrú substaintiúil ar rialachas an chomhlachta ghairmiúil nó cumasc le comhlacht eile

I gcásanna áirithe d’fhéadfadh an t-athrú deis a thabhairt chun torthaí an phróisis ailínithe bhunaidh a athúsáid. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh ailíniú na dámhachtana gairmiúla mionathraithe díriú ar an méid a athraíodh.

Ba cheart dul i gcomhairle leis an QQI i gcás amhrais faoi cibé an gá athailíniú nó nach gá tar éis athrú ar dhámhachtain ghairmiúil ailínithe (cibé athrú díreach nó trí thosca athraithe).

3.7 Príomhchéimeanna sa Phróiseas um Ailíniú Dámhachtainí Gairmiúla

Eiseoidh an QQI gairmeacha ar ailíniú dámhachtainí gairmiúla ó am go chéile. Ní ceadmhach iarratais a dhéanamh ach amháin mar fhreagairt ar cheann de na gairmeacha seo ar iarratais.

Tá an próiseas um ailíniú ar aon dul leis an tsamhail ghinearálaithe um dhearbhu cáilíochta a chuirtear chun cinn in *Standards and Guidelines for Quality Assurance in the European Higher Education Area (ESG)* agus in *‘Principles of Good Practice in Quality Assurance/Quality Improvement for Higher Education and Training’* de chuid Líonra Cáilíochta Ardoideachais na hÉireann. Go sonrach, luaitear in ESG Standard 3.7 go mbeifear ag súil de ghnáth na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i bpróisis ghníomhaireachtaí seachtracha um dhearbhu cáilíochta:

- Féinmheasúnú: *“féinmheasúnú nó nós imeacht coibhéiseach ag ábhar an phróisis um dhearbhu cáilíochta⁸”*
- Measúnú seachtrach: *“measúnú seachtrach ag grúpa saineolaithe, lena n-áirítear, mar is cuí⁹, (a) ball/baill de na mic léinn, agus cuairteanna ar an láthair faoi mar a chinneann an ghníomhaireacht”*
- Foilsiú na tuarascála: *“foilsiú tuarascála, lena n-áirítear aon chinneadh, mholadh nó toradh foirmiúil eile”*
- Obair leantach: *“nós imeachta obair leantach chun athbhreithniú a dhéanamh ar bheart ar bith a dhéanann ábhar an phróisis um dhearbhu cáilíochta i bhfianaise na moltaí a dhéantar sa tuarascáil”*

Tá áit ag an ailíniú sa chreat ginearálaithe seo. Mar sin féin, cé go bhfuil an creat le haghaidh an phróisis ar aon dul leis an gcleachtas ardoideachais, ní próiseas acadúil é go bunúsach, ó thaobh nádúir.

Is próiseas ex post é ailíniú iomlán. Cuirtear an próiseas i gcrích tar éis dámhachtain ghairmiúil a bhunú agus a dhéanamh. Próiseas ex ante is ea ailíniú iarrthóra (Roinn 2.2). Áirítear ar ailíniú dámhachtana gairmiúla féinmheasúnú ar thaobh an chomhlachta ghairmiúil lena mbaineann (a mbíonn soláthraithe éagsúla ionadaíocha bainteach leis, nuair is cuí); measúnú seachtrach; foilsiú tuarascála; agus obair leantach.

Chun oibiachtúlacht a chinntiú agus coimhlintí leasa (fírinneacha nó dealraitheacha) a sheachaint ní mór an painéal saineolaithe (grúpa saineolaithe) a dhéanann an “measúnú seachtrach” a bheith neamhspleách ar an gcomhlacht gairmiúil i dtrácht agus ar sholáthraithe a sholáthraíonn aon chlár ghaolmhara.

Is iad na measúnuithe inmheánacha agus seachtracha croílár an phróisis ailínithe.

Tar éis an chinnidh ar ailíniú, foilseofar tuarascáil phainéal na saineolaithe mar aon le freagairt an chomhlachta i dtrácht.

Toimhdeoidh an QQI gurb ionann iarratas ar ailíniú a dhéanamh agus glacadh leis an mbeartas agus leis na critéir um ailíniú dámhachtana gairmiúla.

⁸ Sliocht as *Caighdeán ESG 3.7* is ea an téacs anseo agus sna trí chéim eile dá éis atá i gcló Iodálach.

⁹ Is gnách measúnóir a fhéadann leasanna foghlaimoirí a ionadú a bheith san áireamh ar phainéal saineolaithe ailínithe.

3.7.1 Dámhachtain ghairmiúil le comhlachtaí aitheantais iolracha

I gcás ina bhfuil piarchomhlachtaí gairmiúla ag eisiúint dámhachtainí gairmiúla sa réimse disciplíne céanna le comhlacht gairmiúil, nó i réimse disciplíne chomhionann, cuirfidh sé é sin in iúl don QQI sula ndéantar an t-iarratas. Féadfaidh an QQI, ar mhaithe le cothromaíocht agus comhsheasmhacht a chinntiú, gairm a fhoilsiú ar léirithe spéise a léireodh go bhfuil sé ag smaoineamh ar phróiseas um ailíniú a bhunú sa réimse disciplíne d'fhonn iarracht a dhéanamh comhlacht gairmiúil eile i réimsí disciplíne ábhartha a shainaithint ionas gur féidir iarraidh orthu a ndámhachtainí a chur ar aghaidh lena n-ailíniú ag an am céanna. Ní gá an t-iarratasóir tionscnaimh a shainaithint i ngairm ar léiriú spéise. D'fhéadfadh ailíniú comhthreomhar painéal amháin a úsáid chun iarratais iolracha a bhreithniú go cothrom comhsheasmhach. Dá ainneoin sin, déanann an QQI cinntí ar ailíniú ar bhonn na fianaise atá ar fáil agus a chuirtear i láthair i gcás gach dámhachtana gairmiúla a bhreithnítear i bhfianaise na gcritéar le haghaidh ailíniú. Ní chuirfidh sé isteach ar chomhlacht amháin atá ag lorg ailíniú neamhfhonn a bheith ar chomhlacht eile ailíniú a lorg. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an cineál ailínithe comhthreomhar seo indéanta i ngach gairm.

Ní bhíonn cáilíochtaí gairmiúla a mheasann comhlacht gairmiúil a bheith comhionann lena dhámhachtain ailínithe i dteideal aitheantas uathoibríoch laistigh den Chreat ar bhonn na coibhéiseachta sin amháin. Mar sin féin, d'fhéadfadh an comhlacht gairmiúil na cáilíochtaí sin a chur ar aghaidh chuig an QQI lena n-ailíniú.

3.7.2 An Próiseas um Measúnú Seachtrach

De ghnáth iarrfaidh an QQI ar an iarratasóir (nó grúpa iarratasóirí) an próiseas um measúnú seachtrach a shocrú agus a bhainistiú. Ní féidir costais airgeadais an mheasúnaithe sheachtraigh (lena n-áirítear íocaíocht agus costais na measúnóirí seachtracha) a thabhaíonn an t-iarratasóir a aisghabháil ón QQI. Mar sin, sula nglactar le hiarratas ar ailíniú ní mór don QQI a bheith muiníneach gur iarratasóir inniúil, a bhfuil acmhainní aige, é an t-iarratasóir, a bheidh iontaofa a dhóthain chun a leithéid de phróiseas a bhainistiú gan coimhlint leasa a theacht chun cinn. Ní mór na socruithe a bhunú go foirmiúil trí mheabhrán comhaontaithe sínithe idir an QQI agus an t-iarratasóir i dtrácht. Féadfaidh comhordaitheoir an phróisis iarratais idirchaidreamh a dhéanamh le feidhmeannas an QQI de réir mar is gá ó cheann ceann an phróisis. D'fhéadfaí a iarraidh ar an QQI mionteagasc ar an mbeartas cáilíochtaí a chur ar phainéal na measúnóirí seachtracha. Féadfaidh an QQI tuarascáil an mheasúnaithe sheachtraigh a chur i leataobh má bhíonn sé míshásta léi nó má mura mbíonn muinín aige in aon ghné den phróiseas um measúnú seachtrach. I gcás mar sin d'fhéadfadh sé a cheangal ar an iarratasóir measúnú seachtrach iomlán nua a thionscnamh. De rogha air sin agus i gcásanna eisceachtúla d'fhéadfadh sé an próiseas nua a bhainistiú é féin (ag cur torthaí an phróisis as ar lean an tuarascáil a cuireadh i leataobh san áireamh). Ní bheidh aon pháirt ag iarratasóirí, i gcás ar bith, i gcinntí a dhéanamh faoi ailíniú a ndámhachtainí féin, is é an QQI amháin a dhéanfaidh cinntí ar ailíniú.

Ní bheidh iarratasóirí i dteideal iarraidh ar an QQI an measúnú seachtrach a bhainistiú.

Féadfaidh an QQI an próiseas um measúnú seachtrach a bhainistiú i gcásanna eisceachtúla.

3.8 Critéir le haghaidh Ailíniú Dámhachtainí Gairmiúla

Ní mór an féinmheasúnú agus an measúnú seachtrach a luaitear i Roinn 3.7 a dhéanamh i gcomparáid le critéir a úsáidfeadh le cinneadh cibé an féidir dámhachtain ghairmiúil ar leith a ailíniú leis an gCreat, nó nach féidir. Cuirtear na critéir le haghaidh ailíniú dámhachtainí gairmiúla i láthair go hachomair thíos.

3.8.1 Ocht gcinn de chritéir achoimrithe maidir le hailíniú dámhachtainí gairmiúla

Déantar critéir le haghaidh ailíniú dámhachtana gairmiúla a achoimriú mar seo a leanas (mínítear gach ceann díobh sna treoirlínte a thacóidh leis an mbeartas seo):

- a) **Cáilitheacht:** ní fhéadfaidh ach comhlachtaí gairmiúla cáilithe iarratas a dhéanamh ar ailíniú a ndámhachtainí gairmiúla (Roinn 2.1).
- b) **Dearbhú cáilíochta, rialachas, oibríochtaí agus bainistíocht ghinearálta:** Beidh rialachas, socruithe oibríochtúla agus bainistíochta agus nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta atá éifeachtach go follasach ina bhfothaca leis an dámhachtain ghairmiúil agus faoi aon chlár ghaolmhara (.i. clár a bhaineann leis an dámhachtain, lena n-áirítear clár bhuntacaíochta). Beidh Standards and Guidelines for Quality Assurance in the European Higher Education Area ina bhonn eolais faoi threoirlínte an QQI ar dhearbhu cáilíochta sa chomhthéacs seo ach beidh cur chun feidhme aon chaighdeán oiriúnaigh cháilíochta a mheaitseáiltear le dámhachtainí gairmiúla agus riachtanais oideachais agus oiriúna sásúil, leis. Ina theannta sin, aithnítear go bhféadfadh nach mbeidh gá ag dámhachtain ghairmiúil le tacaíocht ó aon chlár foirmiúil oideachais agus oiriúna – ach ní mór, i gcónaí, brath ar mheasúnú foirmiúil ar an eolas, scil agus inniúlacht riachtanach.
- c) **Caighdeán Dámhachtana Gairmiúla agus (i gcás inar cuí) Méid (ECTS) na Foghlama Nuadheimhnithe:** Beidh an t-íosmhéid eolais, scile agus inniúlachta ionchasach a bheidh le baint amach ag an iarratasóir sula ndéantar (sula mbronntar) an dámhachtain ghairmiúil agus méid na foghlama nuadheimhnithe ar aon dul leis an Tuairisceoir Cineáil Dámhachtana Gairmiúla a shainítear ar leibhéal an CNC ag a bhfuil an t-ailíniú á lorg. I gcás ailíniú (murab ionann agus iarrthóir ar ailíniú) beidh an t-íoschaighdeán léirithe i ndámhachtainí gairmiúla a rinneadh cheana féin.
- d) I ngairmeacha ar leith, féadfaidh an QQI, i gcomhairle le geallsealbhóirí, an tuairisceoir cineáil dámhachtana gairmiúil ginearálaithe a aistriú ina chaighdeán dámhachtana gairmiúla a bhainfidh go sonrach leis an disciplín i dtrácht. Lena chois sin, féadfaidh an QQI iarraidh ar ghairm aistriú ar an tuairisceoir a dhéanamh agus a mholadh lena chomhaontú leis an QQI sula gcuirtear an t-iarratas isteach ar ailíniú dámhachtainí na gairme sin. Glacfar le hailíniú na n-aistriúchán sin mar ailíniú leis an tuairisceoir cineáil dámhachtana gairmiúla.
- e) **Measúnú bailí agus iontaofa:** Déanfar iarrthóirí a mheasúnú go bailí iontaofa (lena n-áirítear trí aitheantas d'fhoghlaim roimh ré) mar iarrthóirí a bhfuil an t-íoseolas, scil agus inniúlacht is gá don dámhachtain ghairmiúil bainte amach acu.

f) Beidh Cláir Ghaolmhara dearbhaithe ó thaobh cáilíochta (.i. i gcás inar sholáthair nó inar fhorghluinigh comhlacht gairmiúil iad) i gcás inar cuí:

- Bunófar nósanna imeachta cuimsitheacha chun cláir ghaolmhara a dhearbhu ó thaobh cáilíochta agus cuirfear chun feidhme iad
- Beidh ag an gcomhlacht gairmiúil nósanna imeachta le haghaidh dearbhú a thabhairt go gcuirfidh aon chlár gaolmhar ar chumas a fhoghlaimoírí sprice caighdeán an chláir a shroicheadh (íostorthaí foghlama ceaptha an chláir) go hiontaofa éifeachtach.
- Luafar go sainráite a mhéad (go páirteach nó go hiomlán) a chomhlíonann críochnú rathúil an chláir riachtanais na dámhachtana gairmiúla agus más páirteach beidh na riachtanais eile sainráite agus foilsithe
-

g) Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú: Déanfaidh soláthraithe clár gaolmhar beartais agus critéir le haghaidh rochtana, aistriú agus forchéimniú i ndáil le foghlaimoírí a bhunú agus beidh siad ar aon dul leis na beartais agus na critéir le haghaidh rochtana, aistriú agus forchéimniú i dtaca le foghlaimoírí arna gcinneadh ag an QQI faoin alt 56(1) d'Acht 2012. Áireofar ar na nósanna imeachta sin nósanna imeachta le haghaidh carnadh creidiúintí, aistriú creidiúintí agus aitheantas agus measúnú foirmiúil an eolais, na scileanna nó na hinniúlachta atá faighte ag an bhfoghlaimoír roimhe seo.¹⁰ Beidh feidhm ag Alt 67 d'Acht 2012, leis.

h) Caighdeán Rochtana – Clár agus Dámhachtain Ghairmiúil: Luafar go sainráite an fhoghlaim réamhriachtanach le haghaidh rannpháirtíocht in aon chlár gaolmhar agus aon toimhde eile a bhaineann le foghlaimoírí sprice i gclár dá shórt. De ghnáth teorannófar na caighdeáin is gá chun an dámhachtain ghairmiúil a bhaint amach do shonraíochtaí eolais, scile agus inniúlachta ach i gcás go lorgaítear a mhalairt go sainráite faoin dlí is infheidhme.

i) Forbairt Ghairmiúil Leanúnach: Geallfaidh an comhlacht gairmiúil forbairt ghairmiúil leanúnach na sealbhóirí dámhachtana a éascú.

[3.8.2 Na critéir le haghaidh dámhachtainí nua a úsáid: Iarrthóir ar ailíniú ar leibhéal sonraithe den CNC](#)

Critéir le haghaidh ailíniú is ea na critéir sa bheartas seo. D'fhéadfaí dámhachtain ghairmiúil nach ndearnadh go fóill a bhreithniú i gcomparáid leis na critéir seo le haghaidh formhuiniú mar iarrthóir ar ailíniú. Sa chás seo cuirfear san áireamh go bhféadfadh sé nach mbeadh cineálacha fianaise áirithe ann.

¹⁰ Tá sé bunaithe ar Alt 56 d'Acht 2012.

3.8.3 Cláir ghaolmhara a dhearbhú ó thaobh cáilíochta

Bíonn feidhm ag an gcritéar agus ag na fochritéir seo uair ar bith a dhéanann comhlacht gairmiúil a dhéanann dámhachtain ghairmiúil cláir oideachais agus oiliúna a chur ar fáil, a eagrú nó a sholáthar, cláir atá deartha go sonrach chun cabhrú le ‘foghlaimoírí sprice’ chun na híoschaighdeáin is gá don dámhachtain ghairmiúil a bhaint amach (nó a bhaint amach go páirteach). Ní mheastar a bheith ina gcláir ghaolmhara cláir atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta as a leanann dámhachtainí oideachasúla aitheanta (m.sh. dámhachtainí sa CNC) a thugann teideal do dhuine ar dhíolúine. Má tá duine nó comhlacht eile bainteach le soláthar aon chláir ghaolmhar, atá formhuinithe ag comhlacht gairmiúil, ní mór dóibh siúd agus do na cláir ábhartha a bheith dearbhaithe ó thaobh cáilíochta ag an gcomhlacht gairmiúil.

Baineann Alt 67 d’Acht 2012 le cláir oideachais agus oiliúna a mhaireann 3 mhí nó níos faide. Baineann sé seo le cláir ghaolmhara go háirithe. Ní mór do chomhlachtaí gairmiúla agus soláthraithe gaolmhara comhlíontacht a chinntiú.

3.9 Iarratas ar Ailíniú Dámhachtana a Aistarraingt

Féadfaidh iarrthóir iarratas ar ailíniú a aistarraingt ag céim ar bith sula ndéanann an QQI an cinneadh foirmiúil ar ailíniú. Ní fhoilseofar tuarascáil ar bith sa chás sin.

3.10 Obair leantach iar-ailínithe ag an QQI

Déanfaidh an QQI monatóireacht ar cháilíocht dámhachtainí gairmiúla a ailíníonn sé. Is féidir féachaint ar mhonatóireacht mar obair leantach fhadtéarmach. Modh amháin monatóireachta a bheidh san athbhreithniú seacht mbliana (de ghnáth). Déanfaidh an QQI monatóireacht ar chomhlachtaí gairmiúla a bhfuil dámhachtainí gairmiúla ailínithe acu leis an CNC.

Mionléireofar na socruithe monatóireachta sna treoirlínte tacaíochta agus d’fhéadfaí iad a shonrú sna coinníollacha ailínithe. Féach Roinn 3.16

3.11 Athnuachan ar Ailíniú agus Athailíniú

Is gnách ailíniú a dhéanamh ar dhámhachtainí a rinneadh laistigh de sheacht mbliana. Is beag idir an próiseas um ailíniú agus an próiseas um athailíniú, de bhrí nach gá díriú ach amháin ar an méid atá athraithe (m.sh. sa dámhachtain, sna nósanna imeachta measúnaithe, sna cláir ghaolmhara nó i gcritéir an bheartais ailínithe is infheidhme) mar sin d’fhéadfadh sé nach mbeadh sé chomh dochraideach leis an ailíniú tosaigh.

I gcás neamhghnách go gcaithfear moill a chur ar iarratas ar athnuachan ailínithe, féadfaidh comhlacht gairmiúil iarratas a dhéanamh ar shíneadh ar fhad an ailínithe chun gur féidir leis an iarratas a thabhairt chun críche (agus féinmheasúnú san áireamh). Ní thugtar síntí mar sin sa ghnáthchúrsa agus d’fhéadfadh coinníollacha a bheith ag gabháil leo, má dheonaíonn an QQI iad.

Féadfaidh comhlacht gairmiúil féachaint lena dhámhachtain a athailíniú i gcás ina bhfuil foras réasúnta ann le hamhras nach bhfuil leibhéal iarbhír na dámhachtana ailínithe i gcomhréir leis an leibhéal den CNC ag a bhfuil sé ailínithe. Cuirfidh an QQI an próiseas i gcrích mar ailíniú *de novo* agus beidh feidhm ag an bpróiseas céanna achomhairc. Níl an fhoráil seo ceaptha chun bheith ina phróiseas achomhairc (roinn 3.18).

3.12 Athruithe ar Dhámhachtainí Gairmiúla Tar éis Ailíniú

Mar a cuireadh san áireamh cheana beidh mionathruithe ar dhámhachtainí riachtanach ó bhliain go bliain. D'fhéadfaí athruithe substaintiúla a mholadh tar éis *féinmheasúnú* agus iarratas á dhéanamh ar athnuachan ailínithe. Ó am go chéile beidh sé riachtanach an féinmheasúnú a thabhairt ar aghaidh.

3.13 Athbhreithniú agus Aistarraingt Ailínithe ag an QQI

Déanfar an t-ailíniú a athbhreithniú agus a aistarraingt de réir an phróisis agus na gcritéir atá sracléirithe in Ailt 45 agus 47 d'Acht 2012. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go bhféadfadh an QQI ailíniú a athbhreithniú uair ar bith.

3.14 Athbhreithniú ar a Éifeachtaí atá na Nósanna Imeachta um Dhearbhú Cáilíochta

Athbhreithneoidh an QQI ó am go chéile a éifeachtaí atá na nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta a bhuntacaíonn le gach dámhachtain ailínithe agus de réir mar is áil leis féin, foilseoidh sé na torthaí agus déanfar moltaí. Ach faillí a dhéanamh i bhfreagairt chuí a thabhairt ar aon mholadh dá shórt, d'fhéadfaí an t-ailíniú a athbhreithniú agus a aistarraingt dá éis.

3.15 Diúltú Ailínithe

D'fhéadfaí ailíniú a dhiúltú nuair nach nglactar le hiarratas ar ailíniú nó nuair a bhíonn an QQI míshásta gur léiríodh gur sásaíodh na critéir le haghaidh ailíniú. I gcás dá shórt cuirfeadh é sin in iúl don chomhlacht gairmiúil i bhfógra i scríbhinn agus tabharfar na cúiseanna leis an gcinneadh.

Ní féidir athiarratas a dhéanamh tar éis diúltú d'ailíniú ach amháin tar éis tréimhse fhorordaithe agus tar éis athruithe suntasacha a dhéanamh agus an t-am a bheith tugtha dóibh chun teacht in éifeacht.

3.16 Coinníollacha an Ailínithe

Leagtar amach sa roinn seo na coinníollacha caighdeánacha ach de ghnáth sonrúfar coinníollacha breise is sonrúch do staid.

Déantar ailíniú de ghnáth i ndáil le dámhachtainí a rinneadh laistigh de thréimhse ar leith suas go seacht mbliana – d'fhéadfadh an QQI síneadh suas le dhá bhliain a chur leis i gcásanna eisceachtúla. D'fhéadfadh coinníollacha breise a bheith ag gabháil le síntí dá laghad, má dheonaíonn an QQI iad.

Seo mar a dhéanfaidh an comhlacht gairmiúil:

- Eiseoidh sé don QQI gach bliain dearbhú sínithe go bhfuiltear ag comhlíonadh coinníollacha an ailínithe.
- An *seasamh* is gá chun an dámhachtain a dhéanamh a choimeád
- Coimeádfar caighdeán (eolas, scil agus inniúlacht ionchasach) na dámhachtana gairmiúla a choimeád de réir na Tuairisceora Cineáil Dámhachtana Gairmiúla ábhartha.
- Coimeádfar bunachar sonraí buan slán de dhámhachtainí agus de shonraí foghlaimoírí agus cuirfear eolas staitistiúil ar fáil (faoi mar is gá agus go bliantúil, ar a laghad) don QQI mar gheall ar
 - » Gach dámhachtain ghairmiúil ailínithe a dhéanann sé san fhormaid chomhaontaithe
 - » Gach clár oideachais agus oiliúna gaolmhar as a leanann dámhachtain ailínithe
- Nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta atá ceadaithe ag an QQI a chur chun feidhme
- Nósanna imeachta le haghaidh measúnú foghlaimoírí (lena n-áirítear socruithe scrúdaithe seachtracha nó comhéadan coibhéiseach oibiachtúil seachtrach chun tacú le muintín an phobail sa mheasúnú a bhuntacaíonn leis an dámhachtain ghairmiúil) atá ar aon dul, a bheag nó a mhór, le *Assessment and Standards, Revised 2013*.
- *Na bearta agus na nósanna imeachta le haghaidh rochtana, aistriú, forchéimniú foghlaimoírí a cheanglaítear faoin mbeartas seo de chuid an QQI a chur chun feidhme.*
- Aon choinníollacha speisialta maidir le hailíniú atá i gceangal le haistriú na dtuairisceoirí cineáil dámhachtana a chur chun feidhme.
- Comhoibriú agus cabhrú leis an QQI i bhfeidhmiú a fheidhmeanna.
- An t-eolas a éilíonn feidhmeanna seachtracha an QQI um dhearbhu cáilíochta a chur ar fáil.

- Faoi réir Roinn 3.6 ceadú an QQI a fháil sula ndéantar aon leasú substaintiúil ar íosriachtanais ionchasacha eolais, scile agus inniúlachta na dámhachtana gairmiúla, ach amháin i gcás feabhsuithe incriminteacha ag éirí as cur chun feidhme thorthaí na nósanna imeachta ceadaithe um dhearbhu cáilíochta.
- Aon eolas maidir leis an dámhachtain ghairmiúil, na nósanna imeachta measúnaithe gaolmhara, aon chlár ghaolmhar, nó aon ghnó nó toisc eile a d'fhéadfadh cúis réasúnta a thabhairt don QQI an t-ailíniú a athbhreithniú a chur in iúl don QQI. Áirítear air sin go sainráite cás ina bhféachfadh aon chomhlacht eile le haistarraingt as ailíniú (nó as aon chineál aitheantais eile) nó le hathrú a dheánamh ar choinníollacha ailíniú na dámhachtana gairmiúla ábhartha (nó aon chineál aitheantais eile) nó ar cheadú aon cheann de na cláir ghaolmhara nó ar aon phróiseas nó critéar ábhartha eile.
- Aon athrú ar thosca a dhéanfadh difear don chomhlacht gairmiúil agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don dámhachtain ghairmiúil nó do ghnóthaí gaolmhara a chur in iúl don QQI. Áirítear air sin athruithe suntasacha ar rialachas, úinéireacht, stádas dlíthiúil, próifíl foirne nó ball nó comhpháirtithe, an líon atá rollaithe, áiseanna nó acmhainní

3.17 Bunachar sonraí de Dhámhachtainí Gairmiúla Ailínithe agus Cláir Ghaolmhara

Coimeádfaidh an QQI bunachar sonraí de dhámhachtainí gairmiúla ailínithe agus de chláir ghaolmhara agus foilseofar é.

3.18 Gearáin agus Achomhairc in aghaidh Diúltú nó Aistarraingt Ailínithe ag an QQI

I gcás ina ndiúltaíonn an QQI d'ailíniú nó go n-aistarraingíonn sé é agus go ndeimhníonn sé a chinneadh tar éis breithniú a dhéanamh ar aon tuairim de chuid an iarratasóra, féadfaidh an t-iarratasóir achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh faoi nósanna imeachta achomhairc an QQI.

4 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS SEO

Déanfar an beartas agus na nósanna imeachta le haghaidh ailíniú dámhachtainí gairmiúla laistigh den CNC ar leibhéil 7, 8 agus 9 a athbhreithniú dhá bhliain tar éis dáta a nglactha ag an mBord nó níos luaithe más gá agus cibé uair a ghlacann Bord an QQI beartas ginearálta ar aitheantas do dhámhachtainí laistigh den Chreat.

5 TAGAIRTÍ

European Communities *ECTS User's Guide 2009*

Higher Education and Training Award Council *Assessment and Standards*, Revised 2013

Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna *Croíbheartas agus Critéir um Bailíochtún 2010* (Tagairt na Comhairle E.1.8)

NQAI: *Polasaithe, Gníomhartha agus Nósanna Imeachta maidir le Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú d'Fhoghlaimeoirí 2003*

NQAI *Policies and Criteria for the Inclusion in, or Alignment with, the National Framework of Qualifications of the Awards of Certain Awarding Bodies 2008*

NQAI *Policies and Criteria for the Alignment with the National Framework of Qualifications (NFQ) of the Awards of certain International Sectoral Certifying Bodies which issue certification and in some cases provide programmes in Ireland*

IHEQN *Provision of Education to International Students: Code of Practice and Guidelines for Irish Higher Education Institutions 2009* (Tagairt na Comhairle E.2.3)

NQAI: *Prionsabail agus Treoirlíne Oibríochta d'Fheidhmiú Chur Chuige Náisiúnta i leith Creidmheasanna in Ardoideachas agus Oiliúna na hÉireann 2006*

NQAI *Prionsabail agus Treoirlínte Oibríochtúla maidir le hAitheantas do Réamhfhoghlaim i mBreisoideachas agus Ardoideachas agus Oiliúint 2005*

Beartas agus Critéir an QQI maidir le Rochtain Soláthraí ar Bhailíochtú Tosaigh i gcás Clár as a Leanann Dámhachtainí an QQI 2013

NOTES





www.QQI.ie

26/27 Denzille Lane,
Dublin 2,
Ireland.
t +353 (0) 1 905 8100